Álainn Dún Mhic Mhuire

[Ó Muirgheasa, Énrí: *Dánta Diadha Uladh*, 210-16]

Eoghan Ó Donnghaile cct.

1  Áluinn Dún Mhic Mhuire,
dún is gloine bláth;
bidh aoibhneas ann is ceól
’s ní fheicfear brón go bráth.

2  Ní fheicfear ceann go crom,
tuirse trom nó cás;
ní fheicfear cúis nó coir
ar aon neach ann go bráth.

3  ’Tchífear aoibhneas, is gach aon
lán de’n aoibh de ghnáth;
’tchífear in san dún
soillse nach múchann smál.

4  ’Tchífear Árd-Rí neimhe,
breitheamh is gloine ghéire,
ní fheicfear dúil is deise
Rí is treise ’s is tréine.

5  ’Tchífear Íosa ar A dheas-láimh -
ní mairg do-chífeadh an t-amharc -
gach anam Aige dá sgaoileadh
as glasaibh daora na ndeamhan.

6  An Spiorad Naomhtha go taithneamhach,
mar ghaethibh siubhlach’ gréine,
ag fíor-sgaoileadh go carthannach
grása Ríogh na spéire.

7  Sluagh na cathrach gnáth-sholuis
is deacair a dtuairim d’innsin;
tá milliún de na míltibh ann,
lán de’n aoibhneas chinnte.

8  Tá míle aingeal ainglidhe ann
ag cantain cheóil go mbinne,
is ag foillsiughadh do Rígh na glóire
gach maith dá ndéanann sinne.

9  Tá míle maighdean mhall-rosgach
nach samhluigheann gníomha duine,
ar gach taobh dá phógadh

mar dheallradh an óir is gloine.

10 Tá míle ógh is mairtíreach,
fuair san tsaoghal gach dochar,
lán de’n aoibhneas taithneamhach
ann go sámh glan socair.

11 A fhir, do-bheir an tuarasgbháil
ar shlóightibh dhúna neimhe,
innis créad dá ndeárnadh
Pálás Ríogh na Cruinne.

12 A innsin créad dá ndeárnadh
Pálás Ríogh na Cruinne,
níl sin in mo cheann-sa,
’s ní féidir le peann a thuireamh.

13 Acht so amháin adeirim leat
áilne an bheatha shíorraidhe
gur deise leathad aon órlaigh de
ná deiseacht go léir an tsaoghail-se.

14 Tá criostail ann ar lasadh,
ór glan, dar leat, is péarlaidh,
’s gach liag luinneach lán-shoillseach
i láthair ag an Rígh tréanach.

15 Sa bhrugh shuthain sholuis-bhláith
is ionann lá agus oidhche;
ó chorraibh an bhrogha bháin-ghil
tig deallradh lán de’n aoibhneas.

16 Gach aoibhneas ann dá mbeireann ort
ní théid ar gcúl a choidhche,
acht barr aoibhneasa nua
gach uair ag teacht arís ann.

17 Ar cruthuigheadh ins a’ domhan so
de shíol Ádhmha is Éabha,
do thuillfeadh i n-aon tseomra
san dún ghrianach ghléigeal

18 Ceólta caomha na cruinne
’s a seinm go n-uile-chaoine,
is binne ná iad uile
guth aoin aingil i n-aonar.

19 A fhir, do-bheir an tuarasgbháil
ar shlóightibh dhúna neimhe,

tabhair-se mar an gcéadna
tuairim ar phiantaibh Ifrinn.

20 Tuairim ar phiantaibh Ifrinn,
áit nach bhfaghthar sochar;
tá galair ann is gaotha,
pianta daoirse ’s dochar.

21 Tá teinnte is teannála ann,
is lasair ghéar dá gcrádh-san;
is ann atá ’a ghaoth is fuaire,
gul is truaighe is gártha.

22 Tá sneachta, sioc, is síobadh ann,
is diabhail ag creim a chéile;
tá toit, is teas, is teinnte
go cinnte ’méadughadh péine.

23 Tá gorta, íota, ’s ocras,
’s gach uile ghalar claoidhte;
a’n deoch as tobar na trócaire
dod’ chomhair ní léigfidhe choidhche.

24 Is ann tá seomraí dorcha
dúnta ar shoillse gréine;
is ann tá méad gach dochair,
is fós gach baladh is bréine.

25 Tá gul is greadadh lámh ann,
cúradh, crádh, is teine;
domblas aé go cinnte
an deoch is milse i n-Ifrionn.

26 Ní cluintear ceól nó séise,
nó fuaim acht screada mire;
i n-Ifrionn is leór do phiantaibh
glór na ndiabhal ar buile.

27 Féach ar lucht an díomais
shíos i n-íochtar Ifrinn,
is iad go bráth dá gcúradh
ó ghreadadh dlúth na teineadh.

28 Féach ar lucht na sainnte,
le milltidhe daoine bochta,
i n-áit an tsaidhbhris bhréige
is ortha tá méad gach dochair.

29 Féach ar lucht na drúise,

dream do dhiúlt gach maitheas,
i n-áit na bpóga is milse
béid go cinnte i nglasaibh.

30 Féach ar lucht an lán-chraois
nár ghnáthach déanamh trosgtha,
gorta, íota, is amhgar,
is gach ball díobh dá losgadh.

31 Féach ar lucht an tnútha,
ag a mbíodh na dúile malluighth',
diabhail dhubha dá sgiúradh,
is teinnte fútha ar lasadh.

32 Féach ar lucht na feirge
ag éirghe mar mhealla teineadh,
och, is adhbhar uamhain
dá mbuaidhreamh i lochaibh neimhe.

33 Féach ar lucht na leisge
d'fhanadh ó Aifreann Íosa,
diabhail dhubha dá rúsgadh
le súistibh reamhra righne.

34 Is olc an adhbha Ifreann
lán do theinntibh ádhbhla;
is ann atá an phian is truime
is ann atá guil is gártha.

35 Pilleamuid ar ais arís,
is guidhmid Rí na ngrása;
le sileadh deor a's cromadh glún
fá'r leigean sa dún is áilne.